**RABHADH**
**CAITHFEAR an ceistpháipéar seo a thabhairt ar ais le do fhreagarleabhar ag deireadh an scrúdaithe, nó caillfear marcanna.**

**Scríobh do Scrúduimhir anseo:** ☞

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2013

## GNÓ – GNÁTHLEIBHÉAL

**(400 marc)**

**DÉARDAOIN, 13 MEITHEAMH 2013 – MAIDIN 9.30 –12.00**

**FREAGAIR**

**(A)** **Deich** gceist as **ROINN 1**

**AGUS**

**(B)** **Ceithre** cheist as **ROINN 2 mar a leanas:**

Ceist **amháin** as **Cuid 1** agus
**Dhá** cheist as **Cuid 2** agus
Ceist **amháin** eile as **Cuid 1** nó **Cuid 2**.

**Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc.**

**Ceadaítear áireamháin a úsáid.**
**Déanamh agus Múnla an Áireamháin a Úsáideadh:**

| Ceist | Marc |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |
| 11 | |
| 12 | |
| 13 | |
| 14 | |
| 15 | |
| Iomlán | |

**NÁ DÉAN DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A CHUR AR AIS I dTEANNTA AN FHREAGARLEABHAIR A ÚSÁIDTEAR CHUN CUID 2 A FHREAGAIRT**

# ROINN 1
**(100 marc)**

## CEISTEANNA GEARRFHREAGRA

**Freagair 10 gceist. Tá 10 marc ag gabháil le gach ceist. Cuir an ceistpháipéar seo ar ais in éineacht le do fhreagarleabhar, le do thoil.**

**1.** Cad dó a seasann na litreacha seo a leanas? (Scríobh gach freagra sa spás cuí.)


| | |
|---|---|
| ÍMAT (PAYE) | |
| ÁSPC (PRSI) | |
| MSU (USC) | |

**2.** Ainmnigh leibhéal 3, 4 agus 5 i dTosaíocht an Riachtanas ag Maslow.

Leibhéal 5:________________________________

Leibhéal 4:________________________________

Leibhéal 3:________________________________




**3.** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** chúis a smaoineodh duine ar a bheith ina f(h)iontraí:

(i) ________________________________________________

(ii) ________________________________________________

(iii) ________________________________________________

**4.** Líon isteach na **trí** ghné den Chumasc Margaíochta atá in easnamh:

| | | | |
|---|---|---|---|
| (i)**TÁIRGE** | (ii) | (iii) | (iv) |

**5.** Mínigh cad atá i gceist le 'Cuideachta Ilnáisiúnta' agus luaigh sampla **amháin**.

________________________________________

________________________________________

Sampla: __________________________________

**6.** Tá an t-eolas seo a leanas ar fáil ó chuntais deiridh Uí Dhálaigh Teo. ar 31/12/2012:
(**Taispeáin do chuid oibrithe.**)

| | |
|---|---|
| Fiachais Reatha | €140,000 |
| Sócmhainní Reatha | €280,000 |
| (ar n-áirítear an Stoc Deiridh | € 70,000) |

**Ríomh:**
(a) Cóimheas an Chaipitil Oibre

**Freagra:** __________

(b) Cóimheas na Fíorthástála

**Freagra:** __________

**OIBRITHE**

**7.** Cuir in iúl le tic (✓) cén chatagóir lena mbaineann gach earra nó gach seirbhís díobh seo.

| | **Easpórtáil Shofheicthe** | **Easpórtáil Dhofheicthe** | **Iompórtáil Shofheicthe** | **Iompórtáil Dhofheicthe** |
|---|---|---|---|---|
| Turasóirí Astrálacha in Éirinn le haghaidh *'An Tóstal 2013'* | | | | |
| Cáis Ghréagach a dhíoltar in Éirinn | | | | |
| Uaineoil Éireannach a dhíoltar sa Fhrainc | | | | |
| Ceolchoirm *Justin Timberlake* san O2 i mBaile Átha Cliath | | | | |

**8.** Liostaigh **dhá** ghné de chonradh bailí:

(i) ______________________________________

(ii) ______________________________________

**9.** Luaigh cé acu taighde DEISCE nó taighde ALLAMUIGH iad na teicnící taighde margaidh seo a leanas.

| TEICNÍCÍ TAIGHDE MARGAIDH | DEASC nó ALLAMUIGH |
|---|---|
| **1.** Ceistneoir | |
| **2.** Staitisticí ón bPríomh-Oifig Staidrimh | |
| **3.** Foilseacháin Rialtais | |
| **4.** Grúpa Fócais | |
| **5.** Breathnóireacht | |

**10.** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann leis an léasú mar fhoinse airgeadais sa mheántéarma:

(i) ______________________________

______________________________

(ii) ______________________________

______________________________


**11.** Liostaigh **trí** bhuntáiste a bhaineann gnólacht as infheistiú i dteicneolaíocht nua:

(i) ______________________________

(ii) ______________________________

(iii) ______________________________

**12.** Comhlánaigh struchtúr eagrúcháin feidhmiúil ag gnólacht a bhfuil ceithre rannóg ann:



**13.** Is liosta de théarmaí gnó atá i gcolún 1. Is liosta de mhíniúcháin ar na téarmaí sin atá i gcolún 2. **(Tá míniúchán amháin ann nach féidir a mheaitseáil le haon téarma díobh.)**

| Colún 1: Téarmaí Gnó | | Colún 2: Míniúcháin |
|---|---|---|
| **1.** Deimhniú Corpraithe | **A.** | Tá ochtar comhaltaí nó níos mó ann agus comhcheangal eatarthu. |
| **2.** Airteagail Chomhlachais | **B.** | Tá dliteanas neamhtheoranta aige. |
| **3.** Cuideachta Phríobháideach Theoranta | **C.** | Luann sé príomhchuspóirí na cuideachta. |
| **4.** Trádálaí Aonair | **D.** | Doiciméad a chruthaíonn gurb ann don chuideachta go dlíthiúil. |
| **5.** Meabhrán Comhlachais | **E.** | Bíonn an giorrúchán TEO. i ndiaidh a ainm. |
| | **F.** | Rialacha inmheánacha a rialaíonn conas a fheidhmíonn cuideachta. |

Déan an dá liosta a mheaitseáil. Cuir an litir a bhaineann leis an míniúchán ceart faoin uimhir chuí thíos.

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |

**14.** Scríobh FÍOR nó BRÉAGACH i ndiaidh na ráiteas seo a leanas:

| | RÁITEAS | FÍOR nó BRÉAGACH |
|---|---|---|
| **1.** | Ráiteas ar shóchmhainní agus ar fhiachais é an Clár Comhardaithe. | |
| **2.** | Baineann Rialú Cáilíochta le monatóireacht a dhéanamh ar an méid airgid atá ag gnólacht ar a chuid custaiméirí. | |
| **3.** | Is éard is Plean Oirbheartaíochta ann ná plean fadtéarmach atá leagtha amach ag an ngnólacht. | |
| **4.** | Tugann Ráiteas Misin breac-chuntas ar a bhfuil i gceist ag gnólacht a dhéanamh. | |
| **5.** | Sampla de phlean airgeadais is ea sreabhadh airgid. | |

**15.** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhealach chun luach saothair a thabhairt d'fhostaithe:

(i) ____________________________________________

____________________________________________

(ii) ____________________________________________

____________________________________________

**NÁ DÉAN DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A CHUR AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR**

# ROINN 2

**(300 marc)**

Freagair **ceithre** cheist as ROINN 2 mar seo a leanas:
Ceist **amháin** as **Cuid 1** agus
**dhá** cheist as **Cuid 2 AGUS**
ceist **amháin** eile as **Cuid 1** nó **Cuid 2**.

# CUID 1

## DAOINE SA GHNÓ

### CEIST 1

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.

**Sunhols**

Chuir Séamas & Clíona Mac Cárthaigh saoire coicíse sa Phortaingéil in áirithe don teaghlach le Sunhols. €1,800 a chosain an tsaoire. Nuair a shroich siad an áit fuair siad amach go raibh an t-árasán, a fógraíodh ar an suíomh gréasáin a bheith suite os cionn na trá, trí chiliméadar istigh faoin tír go fírinneach. Thug an cúntóir díolacháin le fios dóibh go raibh bialann ar an láthair ach ní raibh. Bhí an-díomá orthu nuair a thuig siad nach mbeadh 'Club na bPáistí' ar oscailt go dtí mí Iúil, cé gur léigh siad i mbróisiúr na cuideachta go mbíonn sé ar oscailt ó mhí an Mheitheamh go mí Lúnasa.

Rinne Clíona gearán le Sunhols nuair a tháinig sí abhaile, ach dúirt siad nach orthusan a bhí an fhreagracht. Ansin chuaigh Clíona i dteagmháil leis an nGníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí (NCA) maidir lena cearta agus chomhairligh siadsan di a cás a thabhairt chuig an gCúirt Mhionéileamh.

**(A)** Mínigh conas a bhris Sunhols téarmaí an Achta um Chosaint Tomhaltóirí, 2007. (15 mharc)

**(B)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** fheidhm atá ag an nGníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí (NCA). (15 mharc)

**(C)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** bhuntáiste a bhainfeadh Clíona as cás a thabhairt chuig an gCúirt Mhionéileamh. (20 marc)

**An tAcht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998**

Chuir Pavel Zachwieja isteach ar ardú céime in Reddon Teo. Bhí sé ag obair leis an gcuideachta ar feadh ceithre bliana agus bhí sé cáilithe i mBainistíocht Táirgthe. Tugadh an t-ardú céime do Sheán Mac Fhlannchaidh, fear nach raibh ach sé mhí caite aige ag obair leis an gcuideachta agus nach raibh aon cháilíocht bhainistíochta aige. Chreid Pavel nár tugadh an post dó mar nach Éireannach é.

**(D)** Liostaigh **trí** bhonn ar a bhfuil an leithcheal mídhleathach faoin Acht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998.
(15 mharc)

**(E)** Tabhair breac-chuntas ar ról an Bhinse Comhionannais cúnamh a thabhairt do Pavel ina chás leithcheala. (10 marc)
**(75 marc)**

## TIMPEALLACHT INTÍRE / IDIRNÁISIÚNTA

### CEIST 2

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.

### *CÓGAISÍOCHT GLENTRONIC*

Bhunaigh Seán Ó Tuathaigh Cógaisíocht Glentronic in 2003 ina bhaile dúchais, Gleann na Mainistreach. Forbraíonn agus táirgeann an chuideachta drugaí leighis. Fostaíonn Cógaisíocht Glentronic breis agus 600 fostaí agus easpórtáiltear a chuid táirgí chuig mórán tíortha. Tá Seán ag smaoineamh ar leathnú isteach i margadh na hÁise agus áit a bhunú ansin. Tá sé ag beartú CPT a dhéanamh de Chógaisíocht Glentronic in ionad é a bheith ina Chuideachta Phríobháideach Theoranta sa chaoi go mbeidh teacht aige ar bhreis airgeadais chun tacú leis an bhfairsingiú.

**(A)** Cad dó a seasann na litreacha **CPT**? (5 mharc)

**(B)** Liostaigh **dhá** fhoinse airgeadais is féidir le Cógaisíocht Glentronic a úsáid don fhairsingiú. (10 marc)

**(C)** Mínigh **dhá** bhuntáiste a d'fhéadfadh baile mór Ghleann na Mainistreach a bhaint as Cógaisíocht Glentronic. (20 marc)

**(D)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a d'fhéadfadh Cógaisíocht Glentronic baint as leathnú isteach i margadh na hÁise. (20 marc)

**(E)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** fhreagracht atá ar Chógaisíocht Glentronic i leith na timpeallachta. (20 marc)

**(75 marc)**

## TIMPEALLACHT INTÍRE / IDIRNÁISIÚNTA

### CEIST 3

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.

**Baineann an t-eolas seo a leanas le príomhfhoinsí na cánach a fuair Rialtas na hÉireann in 2012:**

| | |
|---|---|
| Cáin Ioncaim | €15 bhilliún |
| CBL | €10 mbilliún |
| Cáin Chorparáide | € 4 bhilliún |
| Dleachta Máil | € 5 bhilliún |

**(A)** Dréachtaigh Barrachairt chun an t-eolas thuas a léiriú. (15 mharc)

**(B)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** chúis a mbailíonn an Rialtas cáin. (15 mharc)

**(C)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** shlí a dtéann ardú cánach i bhfeidhm ar an ngnó in Éirinn. (10 marc)

**(D)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann Éire as ballraíocht san Aontas Eorpach (AE). (15 mharc)

**(E)** Ainmnigh **dhá** institiúid de chuid an AE **agus** mínigh an ról atá ag **ceann amháin** díobh. (20 marc)

**(75 marc)**

# CUID 2

## FIONTRAÍOCHT / BAINISTÍOCHT

### CEIST 4

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.

**SNAPAPPY**

Fad agus a bhí sé i mbun céime san Eolaíocht Ríomhaireachta dhear agus d'fhorbair Seán Ó Faoláin 'aip' d'fhóin chliste a chuir ar chumas úsáideoirí cartúin a dhéanamh dá gcuid grianghraf. D'oibrigh Seán uaireanta fada an chloig agus an 'aip' á forbairt aige. Bhí an-tóir uirthi a luaithe agus a seoladh í agus rinneadh í a íoslódáil breis agus 20,000 uair sa chéad chúpla lá. Is mar sin a thosaigh a ghnó 'Snapappy'. Tá sé i gceist aige triúr dá chairde ón gcoláiste a fhostú le tuilleadh smaointe a fhorbairt i gcomhair 'aipeanna', agus tá sé beartaithe aige stíl dhaonlathach cheannaireachta a bheith aige. Chuaigh sé i dteagmháil lena Bhord Fiontar Contae áitiúil chun cabhair a fháil.

**(A)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** cinn de thréithe/scileanna fiontraíochta a léirigh Seán. (15 mharc)

**(B)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** riosca agus ar **dhá** luach saothair do Sheán agus a ghnó féin á chur ar bun aige. (20 marc)

**(C)** Mínigh **dhá** ghné de stíl dhaonlathach cheannaireachta. (15 mharc)

**(D)** Mínigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le hobair foirne in 'Snapappy'. (15 mharc)

**(E)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** sheirbhís a chuireann Boird Fiontar Contae/Cathrach ar fáil. (10 marc)

**(75 marc)**

## BAINISTÍOCHT

### CEIST 5

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.

**FLAXCO TEO.**

Is é Proinsias Ó Mathúna Stiúrthóir Bainistíochta Flaxco Teo. Beidh CGB na cuideachta ar siúl in óstán an Marriot, Ráth Maonais, Dé hAoine, 19 Iúil 2013 ag 3.00 p.m.

Ní mór do Flaxco Teo. a chostais a laghdú agus ní bheidh sé ábalta <u>díbhinn</u> a íoc i mbliana. Ní mór do Phroinsias na <u>scairshealbhóirí</u> a chur ar an eolas faoi seo ag an CGB agus tuigeann sé an tábhacht a bhaineann leis an teachtaireacht seo a thabhairt go soiléir.

**(A)** Cad dó a seasann na litreacha **CGB**? (5 mharc)

**(B)** Mínigh na téarmaí a bhfuil líne fúthu thuas. (15 mharc)

**(C)** Dréachtaigh *Fógra* **agus** *Clár* CGB Flaxco Teo. a chuir rúnaí na cuideachta, Miriam Uí Annáin amach. (Ní mór **cúig** mhír ar a laghad a bheith sa chlár.) (25 marc)

**(D)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** fheidhm atá ag Stiúrthóir Bainistíochta cuideachta. (15 mharc)

**(E)** Ainmnigh **agus** mínigh **dhá** bhac ar chumarsáid éifeachtach. (15 mharc)

**(75 marc)**

**CEIST 6**

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.

## Ionad Eachaíochta Lios Carraige



Cuireann Ionad Eachaíochta Lios Carraige ranganna marcaíochta capall ar fáil do dhaoine aonair agus do ghrúpaí. Tá caifé agus ionad gníomhaíochta do pháistí ann.

Tá 12 fhostaí lánaimseartha agus 10 fostaithe séasúracha ann. Is í Susanne Ní Chiardha an Bainisteoir Oifige agus tugann sí aire do na cúrsaí airgeadais ar fad sa ghnólacht. Is mian le hIonad Eachaíochta Lios Carraige ocht n-acra talún a cheannach chun an tIonad a fhairsingiú. Tá Plean Gnó agus Réamhaisnéis faoin Sreabhadh Airgid á n-ullmhú ag Susanne faoi láthair chun cuidiú le hiarratas an Ionaid ar iasacht bhainc.

**(A)** Tabhair breac-chuntas ar **cheithre** chineál árachais a mbeifeá ag súil leis a bheadh ag Ionad Eachaíochta Lios Carraige. (20 marc)

**(B)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** fhreagracht atá ar Ionad Eachaíochta Lios Carraige i leith a chuid fostaithe. (10 marc)

## Ionad Eachaíochta Lios Carraige
**RÉAMHAISNÉIS FAOIN SREABHADH AIRGID: IÚIL-MEÁN FÓMHAIR 2013**

| 2013 | Iúil | Lúnasa | Meán Fómhair |
|---|---|---|---|
| Iomlán na bhFáltas (A) | 42,000 | 40,000 | 26,000 |
| Iomlán na nÍocaíochtaí (B) | 35,000 | 34,000 | 20,000 |
| Airgead Tirim Glan (A-B) | 7,000 | 6,000 | 6,000 |
| Airgead Tirim Tosaigh | 2,000 | 9,000 | 15,000 |
| Airgead Tirim Deiridh | 9,000 | 15,000 | 21,000 |

**(C)** Liostaigh **dhá** mhír a chuirfí san áireamh i rannóg na n-íocaíochtaí den réamhaisnéis faoi Shreabhadh Airgid thuas. (10 marc)

**(D)** Mínigh **dhá** thoisc ba chóir do bhanc a chur san áireamh sula dtabharfaí iasacht bhainc d'Ionad Eachaíochta Lios Carraige. (15 mharc)

**(E)** Bunaithe ar an réamhaisnéis faoin Sreabhadh Airgid thuas, an molfá don bhanc an iasacht a thabhairt d'Ionad Eachaíochta Lios Carraige? Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis le do fhreagra. (20 marc)

**(75 mharc)**

**NÁ DÉAN DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A CHUR AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR**

## BAINISTÍOCHT / GNÓ I nGNÍOMH

### CEIST 7

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.

### SPRAOI

Déanann Bréagáin ACE Teo. bréagáin in Éirinn agus tá ag éirí go maith leo. Baineann sé úsáid as 'Baisctháirgeadh'. Forbraíonn sé táirgí nua do thréimhse na Nollag gach bliain agus díolann sé ar mhargadh na hÉireann agus ar mhargaí idirnáisiúnta iad. I mbliana, tá Bréagáin ACE Teo. tar éis 'SPRAOI' a tháirgeadh, consól idirghníomhach cluichí ina n-úsáidtear Gaeilge shimplí, dírithe ar pháistí idir 7-11. Tá suíomh gréasáin ar a dtugtar www.breagainace.com curtha ar bun ag Bréagáin ACE Teo.

**(A)** Mínigh an bhrí atá leis an téarma 'Baisctháirgeadh'. (10 marc)

**(B)** Déan cur síos ar **dhá** fhoinse inmheánacha agus ar **dhá** fhoinse sheachtracha de smaointe le haghaidh táirgí nua i gcomhair Bréagáin ACE Teo. (20 marc)

**(C)** Dréachtaigh Saolré Táirge do 'SPRAOI' agus cuir lipéad uirthi. (15 mharc)

**(D)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann Bréagáin ACE Teo as a shuíomh gréasáin féin a bheith aige. (10 marc)

**(E)** Roghnaigh meán oiriúnach fógraíochta chun aire tomhaltóirí a tharraingt ar 'SPRAOI' **agus** tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis a bhí le do rogha. (20 marc)

**(75 mharc)**

**NÁ DÉAN DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A CHUR AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR**

## CEIST 8

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.

### SÚNNA NÁDÚRTHA NA hÉIREANN TEO.

D'aithin Tomás Mac Anna, as Súnna Nádúrtha na hÉireann Teo., go raibh bearna sa mhargadh do bhranda Éireannach de shú torthaí orgánach. Tá Tomás ag obair ar chéim fhorbartha an choincheapa den phróiseas Forbartha Táirge. Tá sé ag obair ar ainm branda a dhearadh agus ar Ghné Uathúil Dhíolacháin (USP) a fhorbairt don sú torthaí.

**(A)** Mínigh **trí** bhuntáiste a bhaineann le hainm branda a chur ar an sú torthaí orgánach? (20 marc)

**(B)** Mínigh a bhfuil i gceist le 'Gné Uathúil Dhíolacháin' (USP). (10 marc)

**(C)** Mínigh **dhá** cheann de na céimeanna seo a leanas sa Phróiseas Forbartha Táirge:
- **(i)** Giniúint Smaointe
- **(ii)** Forbairt Fréamhshamhla
- **(iii)** Margaíocht Tástála (15 mharc)

Léigh an t-eolas a thugtar san fhógra thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.

### SÚNNA NÁDÚRTHA NA hÉIREANN TEO.

***BAINISTEOIR AIRGEADAIS AG TEASTÁIL***

**An t-iarrthóir idéalach:** Beidh Céim Ghnó aige/aici, sárscileanna cinnireachta, cumarsáide agus anailíse. Tá dhá bhliain de thaithí ina mhacasamhail de ról riachtanach.

**An Post:** An Rannóg Airgeadais a bhainistiú.

**San áireamh sna freagrachtaí:** Cuntais mhíosúla agus cuntais bhliantúla a ullmhú.

**Cuir isteach iarratas faoi 1 Lúnasa 2013 le CV agus litir iarratais chuig:**

***Muireann Pender, Bainisteoir Acmhainní Daonna,***

***Súnna Nádúrtha na hÉireann Teo., Páirc Tionscail an Bhaile Nua, An Baile Nua, Co Thiobraid Árann.***

Is Fostóir Comhionannas Deiseanna é Súnna Nádúrtha na hÉireann Teo.

**(D)** Chuir Deirdre Nic Aogáin, 37 Páirc na Darach, Baile Átha Luain, Co na hIarmhí, isteach ar an bpost a fógraíodh. Agus dáta na lae inniu á úsáid agat, dréachtaigh litir iarratais Dheirdre. (20 marc)

**(E)** Mínigh an téarma 'Fostóir Comhionannas Deiseanna'. (10 marc)

**(75 marc)**

**NÁ DÉAN DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A CHUR AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR**

Leathanach Bán